BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

13 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí – Treoir 2008/48/CE – Airteagal 10(2) – Oibleagáid faisnéis a sholáthar – An ráta céatadánach bliantúil – Modhnú táillí agus coimisiún – Airteagal 23 – Córas náisiúnta pionós – Prionsabal na comhréireachta)

I gCás C-472/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie (Cúirt Dúiche, Cathair Várs, an Pholainn), trí bhreith an 21 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Iúil 2023, sna himeachtaí

Lexitor sp. z o.o.

v

A. B. S.A.,

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: D. Gratsias, Uachtarán Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, Z. Csehi (Rapóirtéir), Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint do na himeachtaí i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Lexitor sp. z o.o., ag K. Danielak, radca prawny,

– A. B. S.A., ag M. Kobus, M. Malciak, K. Trzaskowski, J. Wandzel agus J. Zysk, adwokaci,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Ondrůšek agus M. Owsiany-Hornung, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 10(2)(g) agus (k) agus Airteagal 23 de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Lexitor sp. z.o.o., ina cháil mar shannaí ceart tomhaltóra, agus A.B. S.A. ('an banc') maidir leis an éileamh ar aisíocaíocht suime arb ionann í agus an t-ús agus na táillí a d'íoc an tomhaltóir sin faoi chomhaontú creidmheasa tomhaltóra a chuir sé i gcrích leis an mbanc.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2008/48

3 De réir aithrisí 6, 8, 9, 19, 31, 32 agus 47 de Threoir 2008/48:

'(6) I gcomhréir leis an gConradh, is éard atá sa mhargadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bhunaíochta. Tá sé ríthábhachtach margadh creidmheasa níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla a fhorbairt laistigh den limistéar gan teorainneacha inmheánacha chun forbairt gníomhaíochtaí trasteorann a chur chun cinn.

[...]

(8) Chun muinín tomhaltóirí a spreagadh, tá sé tábhachtach gur féidir leis an margadh leibhéal leordhóthanach cosanta a chur ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart saorghluaiseacht tairiscintí creidmheasa a bheith indéanta faoi na dálaí is fearr dóibh, i gcás tairgeoirí agus iarratasóirí araon, agus na cásanna sonracha atá sna Ballstáit éagsúla á n-urramú ag an am céanna.

(9) Is gá comhchuibhiú iomlán a dhéanamh chun ardleibhéal coibhéiseach cosanta a áirithiú do gach tomhaltóir sa Chomhphobal agus chun fíormhargadh inmheánach a chruthú. Dá bhrí sin, níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil ná a thabhairt isteach seachas na forálacha sin a leagtar síos sa Treoir seo. I gcás nach ann d'aon fhoráil chomhchuibhithe den sórt sin, áfach, ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach. [...]

[...]

(19) Chun é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí a gcinntí a dhéanamh le heolas iomlán acu ar na fíricí, ba cheart dóibh faisnéis leordhóthanach a fháil, a fhéadfaidh an tomhaltóir a thógáil amach agus a scrúdú sula dtabharfar an comhaontú creidmheasa i gcrích, maidir le coinníollacha agus costas an chreidmheasa agus maidir lena n-oibleagáidí. Chun an trédhearcacht agus an inchomparáideacht is iomláine is féidir a áirithiú maidir le tairiscintí, ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin, go háirithe, an ráta céatadánach bliantúil (APR) ar an gcreidmheas, a bhunaítear ar an mbealach céanna ar fud an Chomhphobail. [...]

[...]

(31) Chun go mbeidh an tomhaltóir in ann a chearta agus a oibleagáidí faoin gcomhaontú creidmheasa a bheith ar eolas aige, ba cheart an fhaisnéis uile is gá a bheith sa chomhaontú creidmheasa ar bhealach soiléir agus gonta.

(32) Chun trédhearcacht iomlán a áirithiú, ba cheart faisnéis a sholáthar don tomhaltóir maidir leis an ráta iasachta, ag an gcéim réamhchonarthach agus nuair a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích. Le linn an chaidrimh chonarthaigh, ba cheart tuilleadh eolais a chur ar fáil don tomhaltóir maidir le hathruithe ar an ráta iasachta athraitheach agus le hathruithe ar na híocaíochtaí atá ann mar gheall air sin. [...]

[...]

(47) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis a bheadh infheidhme i gcás sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Cé go leanann rogha na bpionós de bheith faoi dhiscréid na mBallstát, ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Léitear Airteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe', mar seo a leanas:

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

g) ciallaíonn "costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir": na costais uile, lena n-áirítear ús, coimisiúin, cánacha agus aon chineál eile táillí, a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa agus arb eol don chreidiúnaí fúthu, seachas táillí nótaire; tá costais i leith seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa, go háirithe préimheanna árachais, ar áireamh freisin i gcostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir i gcás ina bhfuil sé éigeantach, ina theannta sin, comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis na seirbhísí coimhdeacha sin chun an creidmheas a fháil nó chun é a fháil ar na téarmaí agus na coinníollacha a ndéantar margaíocht ina leith;

[...]

i) ciallaíonn "[APR]": costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir, arna shloinneadh mar chéatadán bliantúil de mhéid iomlán an chreidmheasa, agus na táillí dá dtagraítear in Airteagal 19(2) á gcur san áireamh, i gcás inarb iomchuí;

[...]'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 10 den Treoir sin, dar teideal ‘Faisnéis le bheith san áireamh i gcomhaontuithe creidmheasa’, i mír 2 de:

‘Sonrófar an méid seo a leanas sa chomhaontú creidmheasa ar bhealach soiléir agus gonta:

[...]

g) [APR] agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, arna ríomh tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích; luafar na toimhdí uile a úsáidfear chun an ráta sin a ríomh;

[...]

k) i gcás inarb infheidhme, na táillí a bhaineann le cuntas amháin nó níos mó a choinneáil ar bun ina ndéantar idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh, mura rud é go bhfuil oscailt cuntais roghnach, na táillí a bhaineann le modh íocaíochta a úsáid lena gceadaítear idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon, agus aon táille eile a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa agus na coinníollacha faoina bhféadfar na táillí sin a mhodhnú;

[...]’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 19 den Treoir sin, dar teideal ‘[APR a ríomh]’, i míreanna (1) go (3) de:

‘1. Déanfar [APR], arb ionann é, ar bhonn bliantúil, agus luach reatha na ngealltanas uile (tarraingtí anuas, aisíocaíochtaí agus táillí), a bheidh ann amach anseo nó atá ann cheana, arna gcomhaontú ag an gcreidiúnaí agus ag an tomhaltóir, a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle mhatamaiticiúil a leagtar amach i gCuid I d’Iarscríbhinn I.

2. Chun [APR] a ríomh, déanfar costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir a chinneadh, cé is moite de tháillí is iníoctha ag an tomhaltóir as neamhchomhlíonadh aon cheann dá ghealltanais a leagtar síos sa chomhaontú creidmheasa tomhaltóra agus de tháillí seachas an praghas ceannaigh a bhfuil sé d’oibleagáid air a íoc chun earraí nó seirbhísí a cheannach, cibé acu in airgead tirim nó ar chreidmheas a dhéantar an t-idirbheart.

Áireofar na costais a bhaineann le cuntas a choinneáil ar bun ina dtaifeadtar idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon, na táillí a bhaineann le modh íocaíochta a úsáid le haghaidh idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon, agus táillí eile a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta, i gcostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir mura rud é go bhfuil oscailt an chuntais roghnach agus gur taispeánadh táillí an chuntais go soiléir agus ar leithligh sa chomhaontú creidmheasa nó in aon chomhaontú eile a tugadh i gcrích leis an tomhaltóir.

3. Déanfar [APR] a ríomh bunaithe ar an toimhde go leanfaidh an comhaontú creidmheasa de bheith bailí ar feadh na tréimhse a comhaontaíodh agus go gcomhlíonfaidh an creidiúnaí agus an tomhaltóir a n-oibleagáidí faoi na téarmaí agus na dátaí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Is sna téarmaí seo a leanas a léitear Airteagal 23 de Threoir 2008/48, dar teideal ‘Smachtbhannaí’:

‘Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Caithfidh na pionóis dá bhforáiltear amhlaidh a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 93/13/CEE

8 Foráiltear le hAirteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29):

‘Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gcomhaontú arna chur i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó ag soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir, amhail dá bhforáiltear faoina ndlí náisiúnta, agus go leanfaidh an comhaontú de bheith ina cheangal ar na páirtithe de réir na dtéarmaí sin más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha’. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Polainne

An Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí

9 Leis an ustawa o kredycie konsumenckim (an Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí), an 12 Bealtaine 2011 (Dz. U. 2011, Uimh. 126, mír 715), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (‘an Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí’), trasuíodh Treoir 2008/48 i ndlí na Polainne.

10 Foráiltear le hAirteagal 30(1) den Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí:

‘Faoi réir Airteagail 31 go 33, sonrófar an méid seo a leanas i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóirí:

[...]

7) [APR] agus an méid iomlán atá le haisíoc ag an tomhaltóir, arna ríomh ar dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra, lena léirítear na heilimintí uile ar ar ríomhadh é;

[...]

10) faisnéis faoi chostais eile a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa don tomhaltóir, go háirithe na táillí, lena n-áirítear táillí as cuntas amháin nó níos mó a choinneáil ar bun ina dtaifeadtar idirbhearta íocaíochta agus idirbhearta aistarraingthe araon, lena n-áirítear táillí as ionstraimí íocaíochta a úsáid le haghaidh na n-idirbheart sin, na gcoimisiún sin, na gcorrlach sin agus na gcostas a bhaineann le sochair fhorlíontacha, lena n-áirítear árachas, más eol don chreidiúnaí é, chomh maith leis na coinníollacha chun na costais sin a choigeartú;

[...]’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 45(1) den Dlí sin:

‘I gcás ina ndéanfaidh an creidiúnaí sárú ar Airteagal 29(1), ar Airteagal 30(1), pointí (1) go (8), (10), (11) agus (14) go (17), agus ar Airteagail 31 go 33, Airteagal 33a agus Airteagal 36a go 36c, déanfaidh an tomhaltóir, tar éis dó dearbhú i scríbhinn a chur faoi bhráid an chreidiúnaí, an creidmheas a aisíoc gan ús agus táillí eile atá dlite don chreidiúnaí, laistigh de na teorainneacha ama agus ar an mbealach a leagtar síos sa chomhaontú.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

An Dlí maidir leis an gCód Sibhialta

12 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 385[1], míreanna (1) agus (2) den ustawa – Kodeks cywilny (an Dlí maidir leis an gCód Sibhialta) an 23 Aibreán 1964 (Dz. U. Uimh. 16, mír 93), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

‘1) Ní bheidh téarmaí conartha a thugtar i gcrích le tomhaltóir nár caibidlíodh ar leithligh ina gceangal ar an tomhaltóir má leagtar amach a chearta agus a oibleagáidí ar bhealach atá contrártha le dea-chleachtas agus a sháraíonn a leasanna go mór (téarmaí neamhdhleathacha). Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le téarmaí lena leagtar amach na príomhábhair a bheidh le comhlíonadh ag na páirtithe, lena n-áirítear praghas nó luach saothair, má fhoirmítear iad ar bhealach aonchiallach.

2) I gcás nach mbeidh an tomhaltóir ina cheangal le téarma sa chomhaontú de bhun mhír 1, fanfaidh na páirtithe faoi cheangal ag forálacha eile an chomhaontaithe.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13 Is é Lexitor, cuideachta bailithe fiachais, sannaí ceart tomhaltóra a thug comhaontú creidmheasa i gcrích leis an mbanc ar mhéid 40 000 zloty na Polainne (PLN) (thart ar EUR 9 050) (‘an comhaontú atá i gceist’). Sa bhreis ar mhéid na príomhshuime iasachta, ceanglaíodh ar an tomhaltóir an t-ús ar luach saothair, arna shocrú ag PLN 19 985,07 (thart ar EUR 4 520), agus coimisiún PLN 4 893,38 (thart ar EUR 1 100), a aisíoc leis an mbanc. Ba é 11.18 % a luadh mar APR sa chomhaontú atá i gceist.

14 De réir théarmaí an chomhaontaithe atá i gceist, maidir le hidirbhearta a bhaineann le próiseáil an chreidmheasa agus le leasú ar théarmaí an chomhaontaithe sin, d’fhéadfadh an banc táillí agus coimisiúin a ghearradh, i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin agus doiciméad, a bhí mar chuid de, dar teideal ‘Táillí agus coimisiúin [an bhainc] do chustaiméirí aonair’ (an ‘taraif’). Mar sin, ar an gcéad dul síos, faoin gcomhaontú atá i gceist, d’fhéadfadh méadú ar tháillí agus ar choimisiúin tarlú i gcás go dtarlódh ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha atá liostaithe sa chomhaontú, amhail athrú ar an íosphá agus ar leibhéal na dtáscairí arna bhfoilsiú ag an Główny Urząd Statystyczny (an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Pholainn), amhail boilsciú, meánluach saothair míosúil san earnáil corparáideach, praghsanna fuinnimh, teileachumarsáid, seirbhísí poist, socraíochtaí idirbhainc agus rátaí úis arna leagan síos ag Narodowy Bank Polski (Banc Náisiúnta na Polainne), athruithe ar phraghsanna na seirbhísí agus na n-oibríochtaí a úsáideann an banc agus é i mbun a ghníomhaíochtaí éagsúla baincéireachta agus neamhbhaincéireachta, athruithe ar raon feidhme nó ar fhoirm na seirbhísí a sholáthraíonn an banc (lena n-áirítear modhnuithe nó feidhmiúlacht bhainistíochta nua a chur le táirge áirithe), athruithe ar na rialacha cánach agus/nó cuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm ag an mbanc, rialuithe cúirte nua a mhodhnú nó a ghlacadh, cinntí riaracháin, moltaí ó údaráis inniúla, lena n-áirítear an Komisja Nadzoru Finansowego (an Coimisiún Maoirseachta Airgeadais, an Pholainn), a mhéid a bheadh tionchar ag na modhnuithe sin ar na costais a d'íoc an banc as an gcomhaontú sin a chur i gcrích.

15 Ar an dara dul síos, leagtar amach sa taraif, i bhfoirm tábla, méideanna na dtáillí riaracháin, amhail iad siúd a bhaineann le fógra bainc a eisiúint, deimhniú, stair an chuntais creidmheasa, i méid PLN 50 (thart ar EUR 12), nó fiú na táillí comhfhreagrais leis an gcustaiméir, lena n-áirítear

meabhrúcháin agus toghairm i méid PLN 4,20 in aghaidh na litreach (thart ar EUR 1), agus iad siúd chun post a sheoladh le hadmháil fála i méid PLN 6,20 (thart ar EUR 1,50) in aghaidh na litreach. Luadh sa taraif freisin roinnt táillí aonuaire a bhaineann le scaoileadh an mhéid creidmheasa, nach raibh dlite ach aon uair amháin agus nár bailíodh (táillí seasta ag '0'), chomh maith leis na táillí a bhaineann le leasú a thabhairt i gcrích, suas go dtí méid PLN 50 (thart ar EUR 12) agus na táillí a bhaineann le gan airgead tirim a aistarraingt le haghaidh íocaíochta in zlotys na Polainne, suas le 0.3 % den mhéid nár aistarraingíodh, le PLN 100 ar a laghad (thart ar EUR 24).

16 Foráladh leis an taraif freisin go bhféadfaí na táillí agus na coimisiúin a leasú suas le huasmhéid ceithre huaire sa bhliain, gan bheith in ann iad a mhéadú níos mó ná 200 % den mhéid atá i bhfeidhm. Ina theannta sin, sonraíodh sa taraif nach bhféadfaí méid na dtáillí nó na gcoimisiún lena mbaineann a athrú ach 6 mhí ar a dhéanaí tar éis don choinníoll a bheith ann lena gceadófaí an t-athrú sin a thabhairt isteach agus gur ghá rátaí na dtáillí nó na gcoimisiún d'idirbhearta nach bhfuair an banc go dtí sin táillí ná coimisiúin ina leith nó do tháirgí nó seirbhísí nua a dhéanamh agus déine saothair na n-idirbheart a rinneadh agus leibhéal na gcostas a thabhaigh an banc á gcur san áireamh.

17 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, i gcomhthéacs chomhlíonadh an chomhaontuite atá i gceist, gur ríomh an banc ús ní hamháin ar mhéid an chreidmheasa a íocadh go hiarbhír leis an tomhaltóir, ach freisin ar na suimeanna a fuarthas ar iasacht i leith na gcostas a bhaineann leis an gcreidmheas. Mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, dá ríomhfaí an t-ús ar an méid creidmheasa a íocadh amháin, bheadh APR níos ísle ná an méid a léirítear sa chomhaontú creidmheasa.

18 Sa chomhthéacs sin, d'éiligh Lexitor ón mbanc, ar bhonn Airteagal 45 den Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí, íocaíocht PLN 12 905,80 (thart ar EUR 2 900), arb ionann é agus suim an úis agus na dtáillí a d'íoc an tomhaltóir sin faoin gcomhaontú atá i gceist, móide ús. Toisc nár éirigh léi, thug sí caingean os comhair Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie (an Chúirt Dúiche, Várs á, an Pholainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

19 Mar thaca lena iarratas, áitíonn Lexitor, nuair a tugadh an comhaontú atá i gceist i gcrích, gur sháraigh an banc forálacha an Dlí maidir le creidmheas tomhaltóirí i leith an na hoibleagáide faisnéis a sholáthar don tomhaltóir, go háirithe Airteagal 30(1)(7) den dlí sin, lena dtrasuitear Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 i ndlí na Polainne, a mhéid a bhí APR a luaitear sa chomhaontú atá i gceist ró-ard. Sháraigh an banc Airteagal 30(1)(10) den dlí sin freisin, lena dtrasuitear Airteagal 10(2)(k) den Treoir sin i ndlí na Polainne, ar an bhforas nár léirigh an comhaontú atá i gceist ach na coinníollacha faoina bhféadfaí na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe sin a mhéadú agus sásraí áirithe chun na táillí sin a mhéadú.

20 Ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur dhá cheist. Ar an gcéad dul síos, leis an gcéad dá cheist, fiafraíonn sí, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(g) agus (k) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi gurb ionann an staid atá i gceist sa chás atá ar feitheamh os a comhair agus mainneachtain oibleagáid an bhainc faisnéis a sholáthar faoin bhforáil sin a chomhlíonadh. Tá sí den tuairim gur téarma éagórach de réir bhrí Threoir 93/13 é téarma i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóra lena gceadaítear don chreidiúnaí ús a ghearradh ní hamháin ar mhéid an chreidmheasa a íocadh iarbhír ach freisin ar chostais an chreidmheasa a bhfuil an tomhaltóir faoi dhliteanas ina leith. Ós rud é, de bhun Airteagal 6(1) den Treoir sin agus Airteagal 385[1] den Dlí maidir leis an gCód Sibhialta, ina leagan is infheidhme maidir leis an bpríomhdhíospóid, nach bhfuil téarma den sórt sin ina cheangal ar an tomhaltóir, ní gá é sin a chur san áireamh agus APR á ríomh, agus mar thoradh air

sin go raibh an téarma a shonraítear sa chomhaontú atá i gceist mícheart, toisc go raibh sé ró-ard, ós rud é gur ríomhadh é ar an mbonn gur ghá ús a ríomh freisin ar chostais an chreidmheasa a gearradh ar an tomhaltóir.

21 Ar an dara dul síos, maidir le hAirteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir a mheas gur leor liostú na n-imthosca amháin ina bhfuil méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe creidmheasa ag tarlú agus an tagairt do shásraí áirithe chun na táillí sin a mhéadú chun ceanglais na forála sin a chomhlíonadh agus, mura bhfuil, an féidir a mheas gur easpa faisnéise í faisnéis neamhleor a thugann údar le pionós a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 23 den Treoir sin.

22 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir a mheas go bhfuil pionós a tugadh isteach sa dlí náisiúnta ar bhonn Airteagal 23 de Threoir 2008/48 comhréireach más rud é, beag beann ar an gcineál sáraithe ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar, go bhfágann sé an creidmheas saor ó ús agus ó tháillí seasta a leagtar síos sa chomhaontú creidmheasa agus nach féidir aon phionós eile, nach bhfuil chomh sriantach agus b'fhéidir níos comhréire, a chur i bhfeidhm.

23 Sna himthosca sin, chinn Sąd Rejonowy dla m. st. Warszawy w Warszawie (an Chúirt Dúiche Chathair Várs, an Pholainn) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear Airteagal 10(2)(g) de [Threoir 2008/48] ón gComhairle, arna léamh i bhfianaise aithrisí 6, 8 agus 31 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go meastar go bhfuil cuid de théarmaí comhaontaithe creidmheasa tomhaltóra éagórach, más rud é go bhfuil [APR] an táille arna shonrú ag an gcreidiúnaí agus an comhaontú á thabhairt i gcrích níos airde ná mar a bheadh sé más rud é gur glacadh leis nach bhfuil an téarma conarthach éagórach ceangailteach, gur mhainnigh an creidiúnaí a oibleagáid faoin bhforáil sin a chomhlíonadh?

2) An gcaithfear Airteagal 10(2)(k) de [Threoir 2008/48] arna léamh i bhfianaise aithrisí 6, 8 agus 31 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi gur leor an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na himthosca ina bhféadfaí na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe a mhéadú, eadhon cé chomh minic, maidir le cad iad na cásanna, agus cad é an céatadán uasta, fiú mura bhfuil an tomhaltóir in ann a fhíorú go bhfuil an imthoisc atá i gceist ann agus go bhféadfaí na táillí a dhúbailt dá bhrí sin?

3) An gcaithfear Airteagal 23 de [Threoir 2008/48], arna léamh i gcomhthéacs aithrisí 6, 8, 9 agus 47 de, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi ach d'aon phionós amháin as sárú ar an oibleagáid faisnéis a thabhairt a fhorchuirtear ar an gcreidiúnaí, arb é atá ann an creidmheas a dhéanamh saor ó ús agus ó tháillí, beag beann ar thromchúis shárú na hoibleagáide sin agus ar a tionchar ar chinneadh an tomhaltóra an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích?'

Na ceisteanna a tharchuirtear

An chéad cheist

24 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi gur sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin é go luaitear APR i gcomhaontú creidmheasa, a bhfuil rómheastachán déanta air toisc

go gcinntear ina dhiaidh sin go bhfuil téarmaí áirithe den chomhaontú sin éagórach, de réir bhrí Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, agus, dá bhrí sin, toisc nach bhfuil sé ceangailteach ar an tomhaltóir, gur sárú é ar an oibleagáid faisnéise a leagtar amach san fhoráil sin de Threoir 2008/48.

25 Chun an cheist sin a fhreagairt, ba cheart a mheabhrú ag an tús go bhforáiltear le hAirteagal 10(2) de Threoir 2008/48 do chomhchuibhiú iomlán maidir leis na heilimintí nach mór a áireamh i gcomhaontú creidmheasa (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 go léireofar sa chomhaontú creidmheasa, ar bhealach soiléir agus gonta, APR agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, arna ríomh tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích.

27 Sainmhínítear APR in Airteagal 3(i) de Threoir 2008/48 mar ‘chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir, arna shloinneadh mar chéatadán bliantúil de mhéid iomlán an chreidmheasa, agus na táillí dá dtagraítear in Airteagal 19(2) á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme’. I gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Treoir sin, déantar APR a ríomh i gcomhréir le foirmle mhatamaiticiúil a leagtar amach i gCuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

28 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur glacadh Treoir 2008/48 agus dhá chuspóir aici, mar atá, a áirithiú go mbeidh ardleibhéal coibhéiseach cosanta ag tomhaltóirí uile an Aontais Eorpaigh dá leasanna agus teacht chun cinn margaidh inmheánaigh dea-fheidhmiúil i gcreidmheas tomhaltóirí a éascú. Is léir ó aithris 19 den Treoir sin go bhféachann sí, *inter alia*, lena áirithiú go bhfaighidh an tomhaltóir, sula dtabharfar an comhaontú creidmheasa i gcrích, faisnéis leordhóthanach, go háirithe maidir le APR ar fud an Aontais, lena gcuirtear ar a chumas comparáid a dhéanamh idir na rátaí sin (breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *Home Credit Slovakia*, C-290/19, EU:C:2019:1130, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Bhí deis ag an gCúirt a chur in iúl, i gcás tomhaltóra, go bhfuil costas iomlán an chreidmheasa, arna chur i láthair i bhfoirm APR arna ríomh de réir foirmle matamaiticiúil aonair, ríthábhachtach. Cuireann an ráta sin ar chumas an tomhaltóra measúnú a dhéanamh, ó thaobh na heacnamaíochta de, ar raon feidhme an ghealltanais atá i gceist le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa (breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *Home Credit Slovakia*, C-290/19, EU:C:2019:1130, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Ag féachaint, go háirithe, do bhuntábhacht APR don tomhaltóir, shonraigh an Chúirt go bhfágann léiriú APR nach léiríonn go cruinn na costais uile dá dtagraítear in Airteagal 3(g) de Threoir 2008/48 go mbaintear den tomhaltóir an fhéidearthacht raon feidhme a ghealltanais a chinneadh ar an mbealach céanna agus nach ndéantar aon tagairt don ráta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 55).

31 Is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 26 go 30 den bhreithiúnas seo nach mór Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach féidir an oibleagáid APR a lua, ar bhealach soiléir agus gonta, i gcomhaontú creidmheasa a theorannú d’fhonn gannmheas a dhéanamh air, ós rud é go bhféadfadh rómheastachán air a bheith i gceist freisin, i bprionsabal, le léiriú mícheart ar APR.

32 Dá nglacfaí leis go bhféadfadh APR ró-mheasta a bheith luaite i gcomhaontú creidmheasa, bheadh baol ann go mbainfí a fhóntas praiticiúil den tagairt sin don tomhaltóir agus, dá bhrí sin, go mbainfí an bonn de bhaint amach an chuspóra a shaothraítear leis an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 28 agus 29 den bhreithiúnas seo.

33 É sin ráite, ní mór a thabhairt faoi deara, sa chás seo, gur léir ón iarraidh ar réamhrialú go dtosaíonn an chúirt a rinne an tarchur ón mbuntuiscint, nach n-iarrann a bailíocht ar an gCúirt a dhearbhú, gur gá diúltú, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 93/13, do chur i bhfeidhm cuid de théarmaí an chomhaontaithe atá i gceist, mar gheall ar a n-éagóracht, agus mar thoradh air sin ríomh APR gan na téarmaí sin a bheith níos ísle ná an méid a luadh ar dtús sa chomhaontú sin.

34 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 19(3) de Threoir 2008/48 go mbeidh ríomh APR bunaithe ar an toimhde go leanfaidh an comhaontú creidmheasa de bheith bailí ar feadh na tréimhse comhaontaithe agus go gcomhlíonfaidh an creidiúnaí agus an tomhaltóir a n-oibleagáidí i gcomhréir leis na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear sa chomhaontú sin.

35 Dá bhrí sin, comhlíontar an oibleagáid APR a lua, a leagtar síos in Airteagal 10(2)(g) den Treoir sin, má chomhfhreagraíonn APR a luaitear sa chomhaontú lena mbaineann don mhéid arna ríomh, i gcomhréir leis an bhfoirmle mhatamaiticiúil a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ar bhonn 'costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir', de réir bhrí Airteagal 3(g) den Treoir sin, lena n-áirítear na costais a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc de bhun théarmaí an chomhaontaithe sin, lena n-áirítear na costais sin a chruthaíonn ina dhiaidh sin a bheith éagórach agus nach bhfuil ina gceangal ar an tomhaltóir.

36 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach ionann an fíoras go luaitear APR i gcomhaontú creidmheasa, a ndéantar rómheastachán air toisc go gcinntear ina dhiaidh sin go bhfuil téarmaí áirithe den chomhaontú sin éagórach, de réir bhrí Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, agus, dá bhrí sin, toisc nach bhfuil siad ceangailteach ar an tomhaltóir, agus sárú, iontu féin, ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin de Threoir 2008/48.

An dara ceist

37 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfidh Airteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi gurb ionann an fíoras go liostaítear i gcomhaontú creidmheasa roinnt imthosca a bhféadfadh méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe a bheith mar thoradh orthu, gan an tomhaltóir a bheith in ann a fhíorú gur tharla siad agus a dtionchar ar na táillí sin, áfach, agus sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin.

38 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48, nach mór a léiriú i gcomhaontú creidmheasa, ar bhealach soiléir agus gonta, chomh maith leis na táillí a bhaineann le cuntas amháin nó níos mó a choinneáil ar bun chun idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh agus na táillí as modh íocaíochta a úsáid, na táillí eile go léir a eascraíonn as an gcomhaontú agus na coinníollacha faoina bhféadfar na táillí sin a mhodhnú.

39 Is léir ó Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 31 di, go bhfuil gá leis an gceanglas chun an fhaisnéis dá dtagraítear san fhoráil sin a leagan amach, ar bhealach soiléir agus gonta, i gcomhaontú creidmheasa arna tharraingt suas ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile, chun go mbeidh an tomhaltóir in ann a chearta agus a oibleagáidí a fhionnadh (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 233 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Tá gá le heolas agus tuiscint mhaith, ó thaobh an tomhaltóra de, ar an bhfaisnéis nach mór a bheith i gcomhaontú creidmheasa, i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir 2008/48, chun an comhaontú sin a chomhlíonadh go cuí agus, go háirithe, chun cearta an tomhaltóra a fheidhmiú (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 234 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Chun gur féidir an fhaisnéis sin a thuiscint go cuí i gcomhréir leis an gceanglas soiléireachta a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48, ní mór an fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhaontú creidmheasa a bheith saor ó aon chontrárthacht ar dócha go hoibiachtúil go gcuirfeadh sí gnáth-thomhaltóir ar míthreoir, atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach, maidir le raon feidhme a cheart agus a oibleagáidí faoin gcomhaontú sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 235 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Go sonrach, chun an ceanglas a chomhlíonadh nach mór téarmaí conarthacha a dhréachtú i bhfriotal soiléir sothuigthe, tá sé ríthábhachtach bheith ar an eolas an leagtar amach sa chomhaontú creidmheasa ar bhealach trédhearcach na coinníollacha maidir le haisíoc an chreidmheasa nó na modhanna chun iad a chinneadh, ionas go bhféadfaidh tomhaltóir den sórt sin foráil a dhéanamh, ar bhonn critéir bheachta intuigthe, maidir leis na hiarmhairtí eacnamaíocha a eascraíonn as (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2015, *Bucura*, C-348/14, EU:C:2015:447, mír 54).

43 Dá bhrí sin, ní mór do théarmaí an chomhaontaithe creidmheasa, go háirithe ar bhealach trédhearcach, an chúis atá leis na táillí a bhaineann leis an tseirbhís atá le soláthar agus modh athraithe na dtáillí sin a léiriú, ionas go bhféadfaidh an tomhaltóir foráil a dhéanamh, ar bhonn critéir shoiléire intuigthe, maidir le haon athrú ar na táillí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2015, *Bucura*, C-348/14, EU:C:2015:447, mír 60).

44 Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach mór na coinníollacha faoina bhféadfar na táillí a bhaineann le comhlíonadh comhaontaithe creidmheasa a athrú a lua go soiléir agus go gonta sa chomhaontú sin, ar bhealach, *inter alia*, go bhfuil na coinníollacha sin, arna léamh in éineacht le faisnéis eile, saor ó aon neamhbheachtas a d'fhéadfadh gnáth-thomhaltóir a chur ar míthreoir go hoibiachtúil, ar gnáth-thomhaltóir é atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach maidir le teagmhais a bheith ann a d'fhéadfadh an modhnú ar na táillí agus an teagmhas sin a spreagadh, agus maidir leis an nasc idir modhnú ar na táillí agus an teagmhas sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 238).

45 Sa chás seo, mar is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil agus a bhfuil achoimre déanta uirthi i mír 14 den bhreithiúnas seo, is cosúil gur sainíodh na coinníollacha chun táillí chomhlíonta an chomhaontaithe atá i gceist a mhodhnú ar bhonn táscairí atá deacair don tomhaltóir a fhíorú, roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin agus le linn chomhlíonadh an chomhaontaithe sin. Ba tháscairí athraitheacha eacnamaíocha iad seo go

háirithe, lena n-áirítear iad siúd a ndearna an banc é féin monatóireacht orthu, chomh maith le táscairí áirithe eile, a bhfuil cur síos déanta orthu i dtéarmaí doiléire, lena léirítear forbairtí dlí sa chiall is leithne. Thairis sin, ós rud é gur cuireadh uasteorainn chainníochtúil leis an méadú ar na táillí atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag 200 % ar a mhéad, agus go sealadach, suas le ceithre huaire sa bhliain ar a mhéad, 6 mhí ar a dhéanaí tar éis don choinníoll a bheith ann, ní féidir an toradh sin a chur ó bhail.

46 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, i bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, scrúdú a dhéanamh ar a mhéid, sa chás sna príomhimeachtaí, a bhí gnáth-thomhaltóir, atá réasúnta eolach agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach, in ann, i bhfianaise fhoclaíocht na dtéarmaí conarthacha a bhaineann leis an méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe atá i gceist, éabhlóid raon feidhme a rannpháirtíochta le linn chomhlíonadh an chomhaontaithe sin a shainaithint go soiléir.

47 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi gurb ionann an fíoras go liostaítear roinnt imthosca i gcomhaontú creidmheasa lena dtugtar údar le méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe, gan tomhaltóir atá réasúnta eolach agus airdeallach agus cáiréiseach a bheith in ann a tharlú agus a thionchar ar na táillí sin a fhionnadh, áfach, agus sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin, a mhéid a d'fhéadfadh an ráiteas sin amhras a chaitheamh ar an bhféidearthacht atá ag an tomhaltóir sin measúnú a dhéanamh ar raon feidhme a ghealltanais.

An tríú ceist

48 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 23 de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 47 di, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a fhorchuirtear ar an gcreidiúnaí i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Treoir sin, do phionós aonfhoirmeach arb é atá ann a cheart chun úis agus táillí a bhaint den chreidiúnaí, beag beann ar leibhéal tromchúise an tsáraithe sin agus ar a thionchar ar chinneadh an tomhaltóra an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích.

49 Leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 23 de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 47 di, nach mór do na Ballstáit na rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach sin agus gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Cé go bhfágtar rogha córais den sórt sin faoi rogha na mBallstát, ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tugann sé sin le tuiscint nach mór déine na smachtbhannaí sin a bheith ar comhréir le tromchúis na sáruithe a ngearrtar pionós orthu, go háirithe trí éifeacht athchomhairleach dáiríre a áirithiú, agus prionsabal ginearálta na comhréireachta á urramú ag an am céanna. (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil dlínse aici ach an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm, atá sé a fháil amach an gcomhlíonann na pionóis dá bhforáiltear ina dlí náisiúnta na ceanglais a leagtar amach i mír 48 den bhreithiúnas seo, i bhfianaise imthosca uile

na díospóide sna príomhimeachtaí, féadfaidh an Chúirt, mar sin féin, agus réamhrialú á thabhairt aici, soiléiriú a thabhairt di chun é a threorú ina measúnú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Nárokuj*, C-755/22, EU:C:2024:10, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Sa chás seo, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhfuil an pionós dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, eadhon forghéilleadh cheart an chreidiúnaí chun úis agus táillí, comhréireach. Measann an chúirt sin, *inter alia*, nach bhfuil na coinníollacha lena dtugtar údar leis an méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe creidmheasa atá i gceist ábhartha don tomhaltóir tráth a thugtar an comhaontú i gcrích, a mhéid atá méid tosaigh na dtáillí sin sách íseal i ndáil leis an méid creidmheasa a deonaíodh.

52 Mar a tugadh chun cuimhne i míreanna 39 go 42 den bhreithiúnas seo, d'fhonn a chur ar chumas an tomhaltóra eolas iomlán a bheith aige ar na coinníollacha a mbeidh comhlíonadh an chomhaontaithe a rinne sé faoina réir, ceanglaítear le hAirteagal 10(2) de Threoir 2008/48, tráth a thugtar an comhaontú i gcrích, nach mór na heilimintí uile a bheith ag an tomhaltóir sin ar dócha go mbeidh tionchar acu ar raon feidhme a ghealltanais (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 66).

53 Ina theannta sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaí pionós a ghearradh ar shárú oibleagáide sár-riachtanach, ag an gcreidiúnaí, i gcomhthéacs Threoir 2008/48, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, tríd an gceart chun úis agus táillí a fhorghéilleadh ag an gcreidiúnaí sin (breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 69).

54 Ní féidir pionós den sórt sin, cé go mbíonn iarmhairtí tromchúiseacha aige don chreidiúnaí, a mheas mar phionós díréireach ach amháin i gcás nach luaitear nó nach ndéantar tagairt mhícheart do thosca, i measc na bhfachtóirí sin dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48, de bharr a gcineáil, nach ndéanann difear do chumas an tomhaltóra raon feidhme a ghealltanais a mheas (féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 72).

55 Tá oibleagáid an chreidiúnaí, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48, na coinníollacha a shonrú sa chomhaontú creidmheasa faoina bhféadfar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe sin a mhodhnú ríthábhachtach freisin don tomhaltóir, ós rud é, chun raon feidhme a ghealltanais a mheasúnú, nach mór dó a bheith in ann foráil a dhéanamh, mar is léir ó mhíreanna 41 agus 41 den bhreithiúnas seo, maidir le haon athrú ar na táillí sin ar bhonn critéir shoiléire agus intuigthe agus, dá bhrí sin, na hiarmhairtí eacnamaíocha dó, fiú má tá méid tosaigh na dtáillí sin réasúnta beag i ndáil leis an méid creidmheasa atá i gceist.

56 Thairis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh iarmhairtí sáraithe ar na hoibleagáidí faisnéise a bhaineann le comhaontú creidmheasa a bheith éagsúil go mór ag brath ar an mír shonrach faisnéise atá i gceist, tromchúis an tsáraithe sin freisin ag brath, sa chleachtas, ar líon agus ar thábhacht na n-eilimintí atá ar iarraidh sa chomhaontú creidmheasa sin. D'fhéadfadh sáruithe den sórt sin, *inter alia*, é a dhéanamh deacair don tomhaltóir na cearta a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa a fheidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2024, *Horyzont*, C-339/23, EU:C:2024:918, mír 34).

57 Dá bhrí sin, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní chuireann prionsabal na comhréireachta cosc ar Bhallstát rogha a dhéanamh foráil a dhéanamh maidir le pionós aonfhoirmeach arb é atá ann a cheart chun úis agus táillí a bhaint den chreidiúnaí mar

gheall ar shárú ar na hoibleagáidí faisnéise éagsúla a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48, cé go bhféadfadh tromchúis aonair an tsáraithe gach ceann de na hoibleagáidí sin agus na hiarmhairtí don tomhaltóir a bheith éagsúil ó chás go cás.

58 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 23 de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 47 di, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a fhorchuirtear ar an gcreidiúnaí i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Treoir sin, do phionós aonfhoirmeach, arb é atá ann a cheart chun úis agus táillí a bhaint den chreidiúnaí, beag beann ar leibhéal tromchúise aonair an tsáraithe sin, ar choinníoll go bhféadfadh an sárú sin amhras a chaitheamh ar an deis atá ag an tomhaltóir raon feidhme a ghealltanais a mheas.

Costais

59 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní sárú ann féin ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin de Threoir 2008/48, go luaitear an ráta céatadánach bliantúil i gcomhaontú creidmheasa, ar cosúil go ndéantar rómheastachán air toisc go bhfaightear amach ina dhiaidh sin go bhfuil téarmaí áirithe den chomhaontú sin éagórach, de réir bhrí Airteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad ceangailteach ar an tomhaltóir.

2. Maidir le hAirteagal 10(2)(k) de Threoir 2008/48,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar amach san fhoráil sin é go liostaítear i gcomhaontú creidmheasa roinnt imthosca lena dtugtar údar le méadú ar na táillí a bhaineann le comhlíonadh an chomhaontaithe, gan tomhaltóir atá réasúnta eolach agus airdeallach agus cáiréiseach a bheith in ann a tharlú agus a thionchar ar na táillí sin a fhionnadh, áfach, a mhéid a d'fhéadfadh an ráiteas sin amhras a chaitheamh ar an bhféidearthacht atá ag an tomhaltóir sin measúnú a dhéanamh ar raon feidhme a ghealltanais.

3. Maidir le hAirteagal 23 de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 47 di,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás sárú ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar a fhorchuirtear ar an gcreidiúnaí i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Treoir sin, do phionós aonfhoirmeach, arb é atá ann a cheart chun úis agus táillí a bhaint den chreidiúnaí, beag beann ar thromchúis aonair an tsáraithe sin, ar choinníoll go bhféadfadh an sárú sin amhras a chaitheamh ar an bhféidearthacht atá ag an tomhaltóir raon feidhme a ghealltanais a mheas.

Sínithe